



COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR
CLARE COUNTY COUNCIL

PLEAN CORPARÁIDEACH



2019-2024

CLÁR ÁBHAIR

Réamhrá	5
Ár gCuspóir, Fír agus Príomhluachanna	6
Timpeallacht Oibriúcháin	8
Rialtas Áitiúil agus Comhairle Contae an Chláir	13
Ár nGeallshealbhóirí	17
Cuspóirí Straitéiseacha 2019-2024	18
Forbairt Eacnamaíoch	19
Forbairt Fhisiceach	23
Forbairt Shóisialta	27
Forbairt Tuaithe	31
Seirbhísí Airgeadais agus Tacaíochta	35
Tras-ghearradh Bearta Tosaíochta i ngach stiúrtóireachtaí	38
Cur i bhfeidhm, Monatóireacht agus Athbhreithniú	39
Aguisíní	40
Aguisín 1 - Stratéisí/pleananna le tionchar ar Ghníomhaíochtaí an Rialtais Áitiúil	40
Aguisín 2 - Léarscáil Teorainn Limistéir Toghcháin an Chláir	44
Aguisín 3 - Clare County Councillors	45
Aguisín 4 - Príomhtháscairí Feidhmíochta	46

Réamhrá

Tá áthas orm ár bPlean Corparáideach a fhógairt do na blianta 2019 go 2024, ag leagan amach creatlaigh straitéisigh a mbeidh Comhairle Chontae an Chláir ag obair laistigh de le linn saolré an Chomhairle sin. Is comhpháirt lárnach é an Plean Corparáideach le ailtireacht an údaráis áitiúla, ag nascadh príomh-eilimintí amhail polasaí, eagraíocht, gníomhaíocht oibriúcháin, agus bainistíocht ar fheidhmíocht. Le dhá bhliain anuas, chuaigh an Comhairle ar chur i bhfeidhm struchtúir nua i gComhairle Chontae an Chláir ag cur pobail inbhuanaithe i gcroílár gach ruda a dhéanaimid agus struchtúr a shocrú i gcroí gach ruda a dhéanaimid agus struchtúr a shocrú atá ailínithe leis an gceithre philéar leis an straitéis seo- Tuaithe, Eacnamaíoch, Fisiceach agus Sóisialta. Ó ghlacadh an Plean Corparáideach is déanaí, shocraigh an Comhairle seo Stiúrthóireacht Tuaithe, an chéad cheann sa tír a rinne amhlaidh, chun ról an Chomhairle a neartú inár bpobal chomh maith le feidhm fhorbartha áitiúil ar feadh pobail uirbeach agus tuaithe. D'fhorbair an Comhairle freisin Straitéis Dhigiteach agus oibríonn sé anois ceithre mhol digiteach le moil cothaithe fiontar ag suíomh amháin.

Leagann an plean seo amach ár bhfís agus cuspóirí le Comhairle Chontae an Chláir. Tugann an plean mionsonraí ag Stiúrthóireacht na aidhmeanna straitéiseacha agus na straitéisí agus meicníochtaí chúnta chun curtha i bhfeidhm agus monatóireachta don Chomhairle chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Ullmhaíodh é i gcomhthéacs na timpeallachta oibriúcháin seachtraigh agus inmheánaigh, ag cinntiú freisin solúbthacht le cúinsí a athraíonn de réir is a eascraíonn siad. Beidh an breithniúchán ar athrú aeráide leabaithe i ngach ceann dár bpolasaithe agus seirbhísí. Ullmhaíodh an Plean Corparáideach i dteannta leis na Comhairleoirí, Bainistíocht, Foireann agus Geallshealbhóirí Seachtracha le Comhairle Chontae an Chláir i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha, go háirithe Acht an Rialtais Áitiúil 2001, Acht Athchóirithe an Rialtais 2014 agus, nuair is cuí, Acht an Rialtais Áitiúil 2019. Tá muinín againn, ag obair i gcomhpháirtíocht leis na pobail inár dtír agus geallshealbhóirí, gur féidir linn an plean seo a sheachadadh le chéile.



Cllr. Cathal Crowe

Cathaoirleach




Pat Dowling

Príomhfheidhmeannach

Ár gcuuspóir, Fís agus Príomhluachanna

Beidh Comhairle Contae an Chláir ina rialtas gairmiúil, freagrúil agus tráthúil i gceannas ar fhorbairt shóisialta, eacnamaíoch, fisiceadh agus tuaithe lenár dtír, le pobail tuaithe ina chroílár.



Príomhluachanna

Tá go leor príomhluachanna ann a dtabharfaidh treoir do na Baill agus Foireann Chomhairle Chontae an Chláir ag lorg cur i bhfeidhm an phlean sin agus inár bhforáil seirbhíse laethúil.

Ceannaireacht agus Comhpháirtíocht Dhaonlathach, Sibhialta - tabharfaidh Comhairle Contae an Chláir ceannaireacht éifeachtach, daonlathach agus sibhialta, le faisnéis agus freagairt do dhaoine agus pobail sa Chlár. Oibrímid le baill tofa, gníomhaireachtaí eile agus pobail áitiúla i gcomhpháirtíocht chun seachadadh ar ár gcuspóirí.

Seirbhísí Cháilíochta / Cúram do Chustaiméirí - tá Comhairle Contae an Chláir tiomanta chun seirbhísí chóir, éifeachtach, cúirtéiseach agus seirbhísí thráthúla chun déileáil le custaiméirí gan dochar nó idirdhealú. Déanaimid ár ndícheall i dtreo forbartha leanúnaigh inár seachadadh seirbhíse lena n-áirítear cumarsáidí inmheánacha agus seachtracha, le béim láidir ar chustaiméirí.

Ionchuimsiú sóisialta - léiríonn Comhairle Contae an Chláir meas do chomhionannas agus cearta daonna i gcomhréir le prionsabail Dualgais an Earnála Poiblí agus an reachtaíocht ábhartha. Táimid tiomanta do phrionsabail comhionannais rochtana, rannpháirtíochta agus aschur do gach duine maidir le seachadadh seirbhíse.

Follasacht, Cuntasacht agus Gairmiúlacht - coinneálfaimid muid na caighdeáin is airde iompair agus ionracais, bheith oscailte, cuntasach agus oibiachtúil sa suim poiblí.

Luach ar Airgead agus Éifeachtacht - táimid tiomanta don úsáid is éifeachtaí as na hacmhainní ar fáil chun seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar, ag cinntiú freisin luach ar airgead. Úsáidfimid muid go hiomlán an Córas Forbartha Bhainistíocht Fheidhmíochta (PMDS) trasna na heagraíochta agus beidh sábháilteacht agus leas na bhfostaithe curtha chun cinn.

Inbhuanaitheacht - aithníonn Comhairle Contae an Chláir go bhfuil ról ceannasach againn chun ár dtimpeallacht a chosaint agus a hinbhuanaitheacht fadtréimhseach a dhaingniú don todhchaí. Táimid tiomanta chun seachadta ar an Straitéis Ghníomhaíochta ar son na hAeráide.

Timpeallacht Oibriúcháin

Tá Contae an Chláir lonnaithe ar chósta iarthair na hÉireann agus tá daonra 118,817 ann (Daonáireamh 2016). Clúdaíonn sé limistéar 3,450km² agus is é an 7ú gcontae is mó in Éirinn. In Inis, baile an chontae, tá daonra 25,276 (Daonáireamh 2016), agus dá bharr is é an baile is mó sa Chlár agus an ceann is mó sa Mhumhan. Is ionad mór fostaíochta agus tionsclaíoch í Sionainn sa réigiún, an 2ú bhaile is mó sa Chlár, agus óstálann sé Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne freisin.

Ar fud an Chláir, tá gréasán tarraingteach go leor le bailte beaga agus sráidbhailte a imríonn ról tábhachtach ag freastal ar chontae tuaithe. Tá forbairt pobail inbhuanaithe ar an dá cheantar mór uirbeach agus gréasán bailte beaga agus sráidbhailte sin i gcroílár na dtosaíochtaí fisiceacha, sóisialta, eacnamaíoch agus tuaithe don tír.

Tá topagrafaíocht éagsúil ag Contae an Chláir agus is minic a thagraítear dó mar “Chontae na Codarsnachta”. Tá teorainn san oirthear aige ag Abhann na Sionainne agus Loch Dearg, sa dheisceart ag Inbhir na Sionainne, san iarthar ag an Aigéin Atlantach agus ó thuaidh ag Cuan na Gaillimhe. Tá cósta 360km ar fhad ag an gClár, a dhéanann cuid de Bhealach an Atlantaigh Fhiáin, bealach turais is faide na hÉireann. Tá na tránna is áille, is glaine agus is cáiliúla ag oileán na hÉireann ansin. Sa chontae céanna, tá Páirc Náisiúnta Bhoirne, réigiún uathúil ina bhfuil bláthanna agus ainmhithe annamha.

Tá clú mór ag an gClár freisin i ngeall ar a oidhreacht spóirt agus cultúrtha. Tá ceol traidisiúnta na hÉireann lárnach go leor don chontae freisin agus is ann a thosaigh Banna Céilí iomráiteach ar fud an domhain, Tulla Céilí Band agus Willie Clancy Summer School, agus eile.

Tá earnáil turasóireachta an-láidir ag an gClár, ag cabhrú leis na milliúin euro don gheilleagar áitiúil gach bliain. Chuir Eispéireas Cuairteora Aillte an Mhothair, faoi úinéireacht Chomhairle Contae an Chláir, fáilte roimh 1.5 milliún cuairteoir in 2018. Áirítear le áiteanna spéise do chuairoteoirí is mó Caisleán Bhun Raite agus Daonpháirc agus Eispéireas Cuairteoirí

Cheann Léime. Tá inbhuanaitheacht i gcroílár an earnála áitiúla agus déanann sé go leor leasa turasóireachta suntasacha a sheachadadh ó Oirthear an Chláir do Ceann Léime agus Dúlainn, geata cáiliúil do na Oileáin Árann. Aithnítear naisc gailf ag an Leacht agus Dún Beag i measc na cinn is fearr ar domhain, agus áirítear le lóistín 5 réalt faoin tuath Caisleán Dhroim Álainn. Bhí sin soiléir in Iúil 2019 nuair a óstáil Club Gailf Leacht an Dubai Duty Free Irish Open.

Tá nascacht iontach náisiúnta agus idirnáisiúnta ag an gcontae. Nascann Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne Contae an Chláir leis an UK, SAM agus mórchríoch na hEorpa agus d'fhreastail sé ar 1.86 milliún paisinéir in 2018. Tá an contae nasctha go díreach freisin leis an ngréasán náisiúnta iarnróid agus mótarbhealaigh. Laistigh an chontae tá na príomhionaid daonra nasctha tríd an ngréasán bóithre náisiúnta agus réigiúnach. Tá an Contae lonnaithe in aice láimhe le Cathair Luimnigh ar an ndeisceart agus Cathair na Gaillimh ar an tuaisceart.

Is aidhm le Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) fiontraíocht a chur chun cinn, gnónna nuathionscanta a chothú, micreaghonna agus gnónna beaga a éascú chun cruthú poist a thiomáint agus tacaíochtaí ar ardchaighdeán a sholáthar chun smaointe gnó nua a fhorbairt.

Is iad déantúsaíocht agus trádáil na foinsí is mó fostaíochta i gContae an Chláir agus óstálann sé tiúchan mór comhlachtaí ilnáisiúntach lena n-áirítear Ericsson, Intel, GE, Zimmer, Lufthansa Technik, Pepper, Intel, Jaguar Landrover, GE Capital, Micro-Semi, ZAG, Digital River agus Essilor. Lasmuigh den tionscal/gnónna, is dhá cheann de phríomh-thionscail an chontae iad ionaid fostaíochta riaracháin, miondíola agus tionsclaíoch/gnó na Sionainne, Inis, Inis Díomain, An Scairbh, Cill Dalua, agus Cill Rois, turasóireacht agus talmhaíocht. Tá go leor sócmhainní agus acmhainní nádúrtha ag an gcontae lena n-áirítear uiscí domhain Inbhir na Sionainne. Próiseálann an contae freisin acmhainn fuinnimh inathnuaite na gaoithe, tonnta, taoide agus eile.

Tá campas thuaidh Ollscoile Luimnigh, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (L.I.T.) in Inis, Coláiste Bainistíochta Óstáin na Sionainne (O.É.G) i Sionainn lonnaithe i gContae an Chláir. Chomh maith leis na láithreachtaí 3ú leibhéal sin sa Chlár, de bharr go bhfuil sé in aice láimhe

le go leor institiúidí ardoideachais don chontae, is áit inmhianta é Contae an Chláir le cónaí agus infheistiú ann. Imríonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (LCETB) ról ceannasach freisin i bhforáil oideachais ardchaighdeáin agus oiliúint sa réigiún.

Is é athrú aeráide é ceann de na rioscaí is mó roimh infreastruchtúr fhisiceach ár bpobail agus fabraic sóisialta a dhéanann áit uathúil le cónaí de chontae an Chláir. Tacaíonn Comhairle Contae an Chláir go hiomlán le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Páras ar Athrú Aeráide. Tá an comhairle tiomanta chun oibriú le hOifig Réigiúnach Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus tabharfaidh sé treoraíocht agus tacaíocht ar conas bearta oiriúnaithe agus maolaithe ar athrú aeráide a chur i bhfeidhm i gcontae an Chláir. Leanfaidh an comhairle ag oibriú le ranna eile an rialtais, gníomhaireachtaí an stáit, pobail agus geallshealbhóirí i dtéarmaí oiriúnaithe don aeráid agus maolú chun freagairt do dhúshláin a eascraíonn ó aeráid na hÉireann ag athrú. Go háirithe, inbhuanaitheacht chomhshaoil agus gníomhú ar son na haeráide a mbeidh curtha san áireamh ag Grúpa Polasaithe Corparáidigh agus gach ceithre Coiste Pholasaí Straitéisigh. Beidh cur chun cinn agus feasacht ar Bhithéagsúlacht i gContae an Chláir ann freisin mar phríomh-thosaíocht ar feadh na heagraíochta.

Fachtóir Seachtrach

Faigheann timpeallacht seachtrach an Chomhairle tionchar ag polasaí maoinithe agus cláir reachtaíochta Náisiúnta agus an Aontais Eorpaigh araon. Tá an plean seo frámaithe chun na polasaithe agus cuspóirí éagsúla a chur san áireamh de réir leagtha amach i bpleananna reachtúla, ráitis nó straitéisí, polasaithe áitiúla réigiúnacha agus náisiúnta agus reachtaíocht lena n-áirítear Acht an Rialtais Áitiúil 2001 de réir leasaithe, a thugann achoimre ar fheidhmeanna reachtúla an údaráis áitiúil.

Tá sceideal teoraithe leagtha amach in Aguisín 1 le Pleananna agus Straitéisí a imríonn tionchar ar ghníomhaíochtaí Chomhairle Contae an Chláir le linn téarma an Phlean Corparáidigh seo.

Fachtóir Inmheánach

Ó 2017, chuaigh an Comhairle i gcur i bhfeidhm struchtúir nua i gComhairle Contae an Chláir thar cúig stiúthóireacht. Criticiúil chun seachadta an phlean seo ná acmhainn na neagraíochtaí i dtéarmaí acmhainní airgeadais, acmhainní foirne, struchtúr eagraíochta, oiliúint, teicneolaíocht agus cleachta oibre.

Bainistíocht ar Acmhainní Daonna - Is riachtanach fórsa oibre tiomanta agus le scileanna a fhaigheann tacaíocht ó fhorbairt oiliúna agus a chumasaíonn teicneolaíochtaí chun na straitéisí achoimrithe sa phlean seo a bhaint amach. Fanann Comhairle Contae an Chláir tiomanta d'earcaíocht, forbairt agus oiliúint ar ár bhfoireann. Chuireamar r-fhoghlaim i bhfeidhm sa réimse seo. Leanfaidh muid ag tabhairt oiliúint chuí agus pacáistí forbartha chun cuidiú lenár mbaill tofa a bhfeidhmeanna a dhéanamh.

Teicneolaíocht Chumarsáide Faisnéise- Leanfaidh muid i mbun infheistíochta sna feabhsuithe teicneolaíochta is déanaí - feabhas a chur le seachadadh seirbhíse, straitéis digiteach agus ag machnamh ar an ngá chun seirbhísí áirithe a chur in áit tosaíochta.


Struchtúr na heagraíochta agus cleachtais oibre - i dtimpeallacht a athraíonn go leanúnach a fhaigheann tionchar ó fhachtóirí seachtrach agus inmheánach araon, tá éileamh mór ann chun freagra a athrú. Táimid tiomanta chun ár gcórais inmheánacha a scrúdú, mar aon le

struchtúr agus cleachtais oibre chun a chinntiú go bhfuilimid in áit mhaith chun freagairt d'éilimh seirbhíse.

Acmhainní Airgeadais Braitheann seachadadh an phlean seo go mór ar struchtúr airgeadais seasmhach. Leanfaidh muid ag optamú foinsí ioncaim ar fáil agus leanfaidh muid i mbun tathaint ar son leithdháilte 100% ioncaim cánach maoiné áitiúil chuig an gComhairle sin. Ní mór a aithint má athraítear Timpeallachtaí Eacnamaíoch Náisiúnta, Idirnáisiúnta agus Áitiúil, beidh tionchar lárnach aige sin ar an méid is féidir leis an gComhairle a sheachadadh ar a chuspóirí straitéiseacha agus seirbhísí. Is cuid lárnach den phlean é ullmhúchán agus glacadh an bhuiséid ioncaim bliantúil.

Rialtas Áitiúil agus Comhairle Contae an Chláir

Struchtúr Oibriúcháin



Oibríonn an Comhairle trína bhaill tofa, ag comhoibriú leis an bhfeidhmeannach chun réimse polasaithe, tionscadail agus gníomhaíochtaí a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a sheachadadh do dhaoine Chontae an Chláir. Tá Comhairle Contae an Chláir i gcroílár an phobail áitiúil ag seachadadh seirbhísí áitiúla fíor-thábhachtacha.

Comhdhéanann an Comhairle fiche a hocht mBall Tofa (Comhairleoirí) tarraingthe ó cheithre nDúiche Bardasach a ghníomhaíonn le chéile mar bhord an Chomhairle ag obair i gcomhpháirtíocht leis an bhfeidhmeannach chun polasaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Sanntar “Feidhmeanna Fhorchoimeádta” sonracha do na Comhairleoirí faoi réir reachtaíochta amhail glacadh an Bhuiséid Bhliantúil agus Pleananna Forbartha an Chontae agus déanann sé na feidhmeanna sin de réir réitigh foirmiúil. Cuidíonn an Feidhmeannach agus an Grúpa Pholasaí Corparáidigh agus Coistí Polasaithe Straitéisigh agus tugann siad comhairle don Chomhairle ina ról polasaithe.

Tá an Príomhfheidhmeannach agus a chuid foirne freagrach as gníomhaíochtaí oibriúcháin Chomhairle Contae an Chláir. Tugann siad maoirseacht ar bhainistíocht laethúil agus riarachán na seirbhísí agus feidhmeanna na heagraíochta agus oibríonn siad laistigh polasaithe an Rialtais agus an Chomhairle agus Creatlach Dlíthiúil a rialaíonn Údaráis Áitiúla.

Dúichí Bardais (MD)

Bhunaigh Acht Athchóirithe an Rialtais Áitiúil 2014 Dúichí Bardais agus, i gcás Contae an Chláir, tá an Contae briste síos i gceithre Dúiche Bardais.

- Inis
- Sionainn
- Cill Dalua
- Iarthar an Chláir

Feidhmíonn na Comhairleoirí feidhmeanna fhorchoimeádta maidir le roinn na bhfeidhmeanna sin agus dhá leibhéal de réir leagtha amach in acht 2014. Glacann na baill údaráis áitiúil tofa ó na dúichí bardais sin cinntí áirithe maidir leis na dúichí.

Grúpa Polasaithe Corparáidigh (CPG)

Tugann Grúpa Polasaithe Corparáidigh (CPG) fóram le haghaidh comhordaithe agus plé ar cheisteanna polasaithe agus comhdhéanann sé Cathaoirleach an Chomhairle, a bheidh mar chathaoirleach an ghrúpa in éineacht le cathaoirleach gach Coiste Polasaithe Corparáidigh agus ionadaí ón nDúiche Bardais nach bhfuil sa CPG cheana. Tabharfaidh an grúpa seo fóram do cheisteanna polasaithe a théann níos faide ná réim na gCoistí Polasaithe Straitéisigh aonair agus a imreoidh tionchar ar an gComhairle iomlán. Faigheann CPG tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Bhainistíochta agus tugann sé comhairle ar ullmhúchán an Bhuiséid Bhilantúil agus ullmhúchán an Phleain Corparáidigh. Tugann sé fóram chun comhordú, comhleanúnachas agus éifeachtacht a chinntiú i bhfeidhmíocht feidhmeanna an Chomhairle.

Coistí Polasaithe Straitéisigh (SPC)

Tá bunús reachtúil do na Coistí Polasaithe Straitéisigh (SPC) leagtha amach i gCuid 48 Acht an Rialtais Áitiúil 2001 de réir leasaithe ag Cuid 41 Acht Athchóirithe an Rialtais Áitiúil 2014.

Cuidíonn na Coistí Polasaithe Straitéisigh leis an gComhairle i bhfoirmiú an pholasaithe agus tá siad struchtúrtha timpeall príomh-fheidhmeanna an Chomhairle. Tá siad déanta suas le Baill Tofa agus ionadaithe ó Chomhpháirtithe Sóisialta agus Suimeanna eile an Earnála. Tá ceithre SPC ag Comhairle Contae an Chláir, is iad sin:-

- Sóisialta
- Fisiceach
- Eacnamaíoch
- Tuaithe

Tá cathaoirleacht ag gach SPC ag Ball Tofa agus faigheann siad tacaíocht ó Stiúrthóir Seirbhísí ina réimse freagrachta. Is tasc leis an SPC cuidiú agus comhairle a thabhairt don Chomhairle i bhfoirmliú, forbairt agus athbhreithniú polasaí. D'aineoinn sin, beidh cinntí deiridh leis an gComhairle iomlán ag feidhmiú mar chomhlacht.

An Coiste Iniúchta

I gcomhréir le Cleachtas Rialachais Corparáidigh, bhunaigh an cúrsa Coiste Iniúchta neamhspleách. Is ról leis an gCoiste tacú leis an gComhairle Tofa le measúnú ar an tuarascáil airgeadais, bainistíocht airgeadais, próisis iniúchta inmheánacha agus cleachtais

bainistíochta rioscaí sa Chomhairle. Tá cathaoirleacht ag duine neamhspleách ar an gCoiste agus áirítear leis beirt phearsanra neamhspleách eile. Tá cathaoir ag beirt Bhall Tofa ar an gCoiste Iniúchta freisin. Freastalaíonn oifigigh an chomhairle cruinnithe an Choiste de réir agus nuair is gá.

Tuarascálacha Bainistíochta Míosúla

Ullmhaítear Tuarascálacha Bainistíochta Míosúla do Bhaill Tofa i gcomhréir le forálacha Coda 51 le Acht Athchóirithe an Rialtais Áitiúil 2014. Cuidíonn na tuarascálacha sin le Baill Tofa a bhfreagrachtaí rialachais a scaoileadh agus maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh feidhmeannach na bpolasaithe a ndearna na baill tofa cinneadh orthu agus maoirseacht a thabhairt freisin do na baill tofa le scaoileadh an Phríomhfheidhmeannaigh ar a fheidhmeanna.

Pleananna Seachadta Seirbhíse Bliantúla

Leagann Acht Athchóirithe 2014 an riachtanas a bhaineann le Pleananna Seachadta Seirbhíse Bliantúla a ullmhú a fheidhmeoidh mar mheicníocht lena féidir an Plean Corparáideach a chur i bhfeidhm is a mhonatóireacht. Leagann na Pleananna Seachadta Seirbhíse Bliantúla amach cuspóirí an Phlean Corparáidigh le seachadadh trí straitéisí thacaíochta agus gníomhartha a nascann le gníomhaíochtaí roinne bliantúla faoi réir gach ceann de na cuspóirí sonracha achoimrithe níos déanaí sa phlean seo.

Beidh na Pleananna Seachadta Seirbhíse sin nasctha le próiseas an Chórais Forbartha Bainistíochta ar Fheidhmíocht (PMDS), don phróiseas buiséid agus táscairí feidhmíochta ábhartha de réir forbartha ag an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchta (NOAC), an comhlacht mhaoirseachta náisiúnta don earnáil rialtais áitiúil.

Déanfar an plean Seachadta Seirbhíse Bliantúla i gcomhréir leis an mbuiséad faofa ag na Comhairleoirí. Déanfar frámú ar an mbuiséad bliantúil i gcomhthéacs acmhainní ar fáil agus d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar acmhainn an Chomhairle chun seachadadh ar gach ceann dá chuspóirí.

Ár nGeallshealbhóirí

Ní oibríonn Comhairle Contae an Chláir ar leithligh. Oibrímid i dteannta le pobail, gníomhaireachtaí eile, ranna an rialtais, cumainn deonacha agus comhpháirtithe sóisialta. Dá bharr, tá réimse leathan geallshealbhóirí agus is tábhachtach an fheidhm í an chomhpháirtíocht don timpeallacht ina n-oibrímid.

Áirítear leis na príomh-gheallshealbhóirí:

- Ranna an rialtais
- Gníomhaireacht um Chosaint an Chomhshaoil (EPA)
- Infreastruchtúr Iompair na hÉireann (TII)
- Tionól Réigiúnach an Deiscirt
- Gníomhaireacht Bhainistíochta an Rialtais Áitiúil (LGMA)
- Feidhmeannach na Seirbhísí Sláinte (HSE)
- Cumainn tithíochta deonacha
- Cumainn forbartha, coistí na mbailte slachtmhara, srl.
- Údarás áitiúla eile
- Comhlacht Forbartha Áitiúil an Chláir
- Coimisiún um Chearta Daonna agus Comhionannais
- Earnálacha Oideachais
- IDA, Fiontraíocht Éireann
- Fóntais poiblí - ESB, Eircom
- An Bord Pleanála
- Coistí Polasaithe Straitéisigh
- Foireann agus baill tofa
- Ceardchumainn
- Comhchoistí Polasaithe
- Uisce Éireann
- Cumann Sábháilteacht sa Bhóthair
- Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann
- Comhairle Ealaíon
- Cónaidhm Náisiúnta na Scéimeanna Uisce Grúpa
- Comhlachais tráchtála
- Gréasán Rannpháirtíochta Poiblí
- Comhairle na nDaoine níos Sine

Thosaigh Comhairle Contae an Chláir Comhaontuithe Seirbhíse ina shonraítear seachadadh seirbhísí agus gnéithe áirithe na seirbhísí - scóip, cáilíocht agus freagrachtaí - comhaontaithe idir an Comhairle Contae agus tríú páirtithe. Áirítear le Comhaontuithe Seirbhíse dá leithéid Uisce Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Údarás Sábháilteachta Bia.

Cuspóirí Straitéiseacha 2019-2024

Oibríonn Comhairle Contae an Chláir faoi réir cúig stiúrtóireacht, is iad sin Stiúrtóireacht, Stiúrtóireacht Fhísiceach, Stiúrtóireacht Tuaithe agus Turasóireachta, Stiúrtóireacht Eacnamaíoch agus stiúrtóireacht Seirbhísí Tacaíochta. Chomhaontaigh na stiúrtóireachtaí sin cuspóirí straitéiseacha agus straitéisí thacaíochta de réir leagtha amach thíos.

Stiúrtóireacht Eacnamaíoch

Timpeallacht eacnamaíoch onnghníomhach a éascú ina n-aimsíonn agus fásann gnónna fostaíocht inbhuanaithe chun tacú lenár bpobail, ag cur feabhais ar luach eacnamaíoch Chontae an Chláir.

Stiúrtóireacht Shóisialta

Feabhas a chur ar an gcáilíocht saoil do dhaoine i gContae an Chláir trí fhoráil tacaíochtaí tithíochta cuí dóibh i ngátar agus rochtain ar fhaisnéis, foghlaim, ealaíon, deiseanna cultúrtha agus sosa a chumasú agus a chothú.

Stiúrtóireacht Tuaithe

Próiseas rannpháirtíochta a chur i bhfeidhm i straitéisí forbartha tuaithe chun tionscadail tábhachtacha a sheachadadh a chuirfidh feabhas ar cháilíocht saoil, leas sóisialta agus eacnamaíoch le daoine i gContae an Chláir.

Stiúrtóireacht Fhísiceach

Infreastruchtúr thábhachtach a sheachadadh, a choinneáil agus a chosaint chun forbairt eacnamaíoch, sóisialta, fisiceach agus tuaithe a éascú i gContae an Chláir ar bhealach a chuireann inbhuanaitheacht, inrochtanacht, nascacht agus meas don chomhshaol chun cinn.

Stiúrtóireacht Airgeadais agus Seirbhísí Tacaíochta

Acmhainní daonna, airgeadais agus infreastruchtúr chorparáideach a sholáthar chun tacú agus forbairt a thabhairt do chumas an Chomhairle chun seirbhísí éabhlóide a sheachadadh dá chustaiméirí, le cumhacht dár gcuid foirne agus á gcumasú chun seachadadh ar a n-acmhainn is mó.


Forbairt Eacnamaíoch



Ionad Sonraí Inis




Oifig Fiontair Áitiúil
Local Enterprise Office
An Clár • Clare



Inis 2040



UL - SDZ



Forbairt Eacnamaíoch ar Bhearta Tosaíochta:


1. Pleananna forbartha foirne a fhorbairt a mhionshonraíonn tascanna agus gníomhartha sonracha le bheith seachadta laistigh aidhmeanna na mBuiséad bliantúla.
2. Plean Spásúil agus Eacnamaíoch Inis 2040 a ullmhú agus a ghlacadh le béim ar leith ar Inis a fhorbairt mar cheann scríbe fiontair agus miondíola láidir agus áitribh is suíomhanna neamhúsáidte a athshlánú.
3. Dul chun cinn a thabhairt ar fhorbairt Ionaid Sonraí i gContae an Chláir.
4. Comhoibriú le Grúpa IDA & Sionainne ag tacú le nascacht domhanda agus réitigh maoine tráchtála ar fud Contae an Chláir.
5. Plean Forbartha Chontae an Chláir 2017-2023 a chur i bhfeidhm.
6. Éifeacht a imirt ar rannpháirtíocht geallshealbhóirí ginearálta ag corprú ionchuir le Straitéisí Spásúla Réigiúnacha agus Eacnamaíoch (RSES), le béim ar chur i bhfeidhm Creatlaigh Pleanála Náisiúnta - Éire 2040, Plean Forbartha Chontae an Chláir 2017-2023 agus Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil (LECP).
7. An t-iaratas a ullmhú i gcomhair ainmníochta Chrios Forbartha Straitéisigh (SDZ) do Phasáiste Eacnamaíoch Deiscirt an Chláir/ UL agus ullmhaigh Scéim Pheanála don rud céanna ag cur leis athoscailt an Chainéil Oireanaí.
8. Plean Bainistíochta Maoine comhtháite a ullmhú mar aon le córais gaolmhara chun cloí le riachtanais corparáideach, gnó agus oibriúcháin an Chomhairle agus ullmhú i gcomhair deiseanna forbartha eacnamaíoch sa toadhcháí.
9. Leanúint ag idirghníomhú agus ag tógáil caidrimh le príomh-ghníomhaireachtaí eacnamaíoch, Ranna an Rialtais, an IDA, Fáilte Éireann agus Fiontraíocht Éireann (IE) agus gach geallshealbhóirí chun gníomhaíocht eacnamaíoch a uasmhéadú i gContae an Chláir agus ar feadh Phasáiste Eacnamaíoch an Atlantaigh (AEC).
10. “Branda” eacnamaíoch inaitheanta a fhorbairt don Chlár a chuimsíonn siombail, íomhánna, teachtaireachtaí comhleanúnacha agus faisnéis ábhartha, seachadta in ardchaighdeán ar fhoráidí dáileacháin ilchainéil.
11. Ceannas a ghlacadh ar chur i bhfeidhm eilimintí an Chláir le Plean Creatlaigh Comhtháite Straitéisigh (SIFP) d’Inbhir na Sionainne, le béim ar leith ar

Moneypoint agus Cahercon.


- 12.** Oibriú le Roche chun plean eacnamaíoch áitiúil a fhorbairt chun athearraíocht a bhaint as suíomh Roche i nDroichead an Chláir.
- 13.** Tacú le tuilleadh forbartha ar áiseanna ardoideachais i gContae an Chláir agus comhoibriú le institiúidí tríú leibhéal i bhforáil eacnamaíochta faisnéise agus bunaithe ar nuálaíocht don chontae agus don réigiún, lena n-áirítear taighde agus forbairt lasmuigh den champas. Dul sa tóir go dearfach agus éascú forbartha campais tríú leibhéal eile, ag corprú eilimintí fiontraíochta in Inis.
- 14.** Cinntiú gur tiomántóir rathúnais réigiúnaigh é Aerfort Idirnáisiúnta Bhaile na Sionainne, ag baint tairbhe as a shuíomh straitéiseach agus rochtain ar an bPasáiste Atlantach chomh maith lena bhunús fostaíochta agus buntáistí iomaíochta eile. Áireofar leis sin forbairt ar phlean sócheacnamaíoch i gcomhair Láir Bhaile na Sionainne.
- 15.** Cur le timpeallacht thógtha bailte agus sráidbhailte agus forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe ar fud na tíre i gcomhoibríocht le pobail áitiúla, trí go leor dearthaí uirbeacha, infreastruchtúr ghlas, forbairt oidhreachta agus tiomanta ag caomhnú.
- 16.** Tacaíocht na Breaitimeachta a chur i bhfeidhm i gContae an Chláir, a oibreoidh go díreach leis na tionscail sin a fhaigheann tionchar díreach ón mBreaitimeacht.
- 17.** Feasacht agus meas a chur chun cinn d'Oidhreachta agus Bithéagsúlachta i gContae an Chláir ag corprú forbartha cáipéise treoraíochta do gach baill foirne Chomhairle Contae an Chláir chun dea-chleachtas a chinntiú ar fud na heagraíochta.
- 18.** Straitéis diaspóra a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a dhíríonn ar rannpháirtíocht le Diaspór an Chláir i bpost tionchair agus ar féidir a leasú chun cuidiú leis an gClár chun a bhunús eacnamaíoch a fhairsingiú tuilleadh.

Forbairt Fhisiceach

Athshlánú Droichead Latoon Creek



Tuilte i gColáiste Naomh Flannan



Forbairt Fhisiceach ar Bhearta Tosaíochta:

- 1.** Pleananna forbartha foirne a fhorbairt a mhionshonraíonn tascanna agus gníomhartha sonracha le bheith seachadta laistigh aidhmeanna na mBuiséad bliantúla.
- 2.** Oibriú le hOifig Réigiúnach Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus tabharfaidh sé treoraíocht agus tacaíocht ar conas bearta oiriúnaithe agus maolaithe ar athrú aeráide a chur i bhfeidhm i gContae an Chláir.
- 3.** Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide a ullmhú do chontae an Chláir.
- 4.** Clár Seirbhísí Comhshaoil a chur i bhfeidhm laistigh gréasáin phlean gníomhaíochta ag déileáil le gnéithe sonracha na timpeallachta i gContae an Chláir lena n-áirítear bainistíocht bhruscair agus cáilíocht uisce.
- 5.** Clár cosanta an chósta agus in aghaidh sciortha talún a chur i bhfeidhm agus Oibreacha Cosctha Tuilte lena n-áirítear Scéim Cosctha Tuilte Dheisceart Inis; Baile na Sionainne agus Sconsaí; agus tionscadail neartaithe an chósta.
- 6.** Clár bainistíochta onghníomhach a chur i bhfeidhm i gcomhréir le cuspóirí reatha le dréacht ar pholasaí CFRAMS (Measúnú agus Bainistíocht ar Riosca Tuilte Dobharcheantair).
- 7.** Cultúr bainistíochta tionscadal a thógáil san eagraíocht.
- 8.** Dul chun cinn a thabhairt ar sheachadadh na dtionscadal a leanas tríd an PMO: Rian Glas Iarnróid Iarthair an Chláir; Bóthar Dáileacháin Thuaisceart Luimnigh; Seach-chonaire Chill Dalua; Coirnéal an Bhlacaigh; Foirgneamh Sheirbhísí Cuairteora Chuain Dhúlainn; tionscadal Ceartaithe Dramhaíl Timpeallachta; an t-infreastruchtúr chumasaithe a sheachadadh ag an gCláirín chun tacú le cur i bhfeidhm an Chiste Gníomhachtaithe Tithíochta Infreastruchtúir Áitiúil (LIHAF, N85)
- 9.** Clár Infheistíochta ar Bhóithre 2019-2021 a ullmhú agus Clár Bliantúla Infheistíochta agus Cothabhála 2018-2020 a chur i bhfeidhm.
- 10.** Páirt a ghlacadh i bhforbairt na Straitéise Iompair ar Limistéar Uirbeach na Sionainne Luimnigh (LSMATS) ag an tÚdarás Iompair Náisiúnta.
- 11.** An Tionscadal Éifeachtachta Fhuinnimh Soilsithe Phoiblí Údaráis Áitiúil a chur i bhfeidhm i gContae an Chláir, faoi cheannaireacht Oifige Bainistíochta Bóithre náisiúnta, chun tacú leis an gcomhairle chun 33% sábhálacha fuinnimh a bhaint amach.
- 12.** Tacú le seachadadh tionscadail tras-stiúirthóireachta tríd an Oifig Dhearthra Ginearálta.
- 13.** Dul chun cinn a thabhairt ar sheachadadh na dtionscadal a leanas tríd an Oifig Deartha Bóithre: Scéimeanna Feabhsaithe Sábháilteachta; Scéimeanna Athshlánaithe Droichid; scéimeanna Feabhsaithe ar Shábháilteacht Bhóithre; rochtain coisithe agus rothaíochta feabhsaithe ar Ollscoil Luimnigh ó ghreasán bhóthair an Chláir; scéim sraithe EuroVelo1; Plean Gníomhaíochta

Torainn; agus Straitéis Fheabhsaithe Sráidbhailte Dhúlainn.

14. Plean Soghluaisteachta a fhorbairt d'Inis chun tacú le cur i bhfeidhm Phlean Eacnamaíoch agus Spásúil Inis 2040 agus athbhreithniú a chur le páirceáil breise.
15. Plean bainistíochta flít a ullmhú.
16. Comhaontú Seirbhíse Seirbhísí Uisce a chur i bhfeidhm le Uisce Éireann.
17. Leanúint ag lorg infheistíochta ag an DHPLG agus Uisce Éireann chun infreastruchtúr uisce agus fuíolluisce áitiúil a fheabhsú ar fud Chontae an Chláir
18. Athbhreithniú agus ullmhúchán a thabhairt ar Phlean Oibriúcháin Dóiteáin agus Éigeandálaí le glacadh ag Comhairle Contae an Chláir.
19. Clár céimnithe a ullmhú d'oibreacha agus uasghrádú ar Stáisiún Dóiteáin Inis agus áiseanna gaolmhara.
20. Ceanncheathrú Cosanta Sibhialta nua a chríochnú.
21. Flít feidhme Seirbhíse Dóiteáin a fhorbairt le ullmhúchán iarratais cuí chun maoinithe deontais ón DHPLG.
22. Leanúint leis ag feabhsú cultúir comhréireachta le Rialacháin Tógála ar fud Contae an Chláir agus cinntiú go mbaintear amach riachtanais na Treorach do Tháirgí Tógála agus Feidhmíochta Foirgnimh i dtógáil nua le oideachas agus monatóireacht ag an Údarás Rialaithe Tógála le Comhairle Contae an Chláir.
23. Leanúint ag forbairt is ag cur i bhfeidhm feachtais sábháilteachta dóiteáin cuimsithigh ar fud an chontae lena n-áirítear cuairteanna ar scoileanna chun taispeána agus ócáidí forbartha gairmiúla.
24. Cur i bhfeidhm ag Comhairle Contae an Chláir ar Chreatlach athbhreithnithe chun Bainistíochta Éigeandála Mhóir agus Cáipéisí Treoraíochta gaolmhara chun leanúint ag forbairt agus ag coinneáil freagra cuí, ar éigeandálaí agus éigeandálaí móra ar fud na tíre, agus údarais tadhlaacha más gá, ina ról mar Gníomhaireacht Chéad Freagra i gcomhoibríocht le gníomhaireachtaí freagartha eile.
25. Leanúint ag cur i bhfeidhm Comhaontuithe Seirbhíse (SLA) le Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann i gcomhair seirbhísí tréidliachta.
26. Feabhsúcháin sa Réim Poiblí a sheachadadh i mBaile Inis lena n-áirítear Sráid Parnell; Lánaí agus bealaí; Sráid na Beairice agus Faiche Beairice; agus Faiche Uí Chonaill a úsáideann Ciste Athchóirithe Uirbigh.



Forbairt Shóisialta



Forbairt Shóisialta ar Bhearta Tosaíochta:

1. Pleananna forbartha foirne a fhorbairt a mhionshonraíonn tascanna agus gníomhartha sonracha le bheith seachadta laistigh aidhmeanna na mBuiséad bliantúla.
2. Tionscadail lóistín Tithíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar is cuí do riachtanais aitheanta.
3. Oibriú le comhlachtaí tithíochta agus gníomhaireachtaí cuí chun úsáid na roghanna lóistín ar fáil a uasmhéadú mar aon le maoiniú gaolmhar.
4. Straitéis faighte talún cuí a chur i bhfeidhm i gcomhair riachtanais chlár tógála reatha agus sa todhchaí a éascú.
5. Clár onnghníomhach, pleanáilte cothabhála na Stiúrthóireachta a chur i bhfeidhm.
6. Athbhreithniú a thabhairt ar gach próisis gnó sa Roinn Tithíochta agus Córas Bainistíochta ar Chaidrimh Custaiméara a chur i bhfeidhm chun custaiméirí agus próisis a bhainistiú.
7. Athbhreithniú agus cur i bhfeidhm na Straitéise Sosa agus Spóirt Chontae an Chláir.
8. Tacú le forbairt agus feabhsúchán spóirt áitiúla, gníomhaíochtaí sosa agus ealaíne.
9. Athbhreithniú a thabhairt ar struchtúir agus cumais a theastaíonn i gcomhair bainistíochta optamaigh agus oibriúcháin áiseanna sosa sa tír.
10. Plean Ealaíne an Chontae a chur i bhfeidhm.
11. An Straitéis Chruthaíoch agus Cultúir a chur i bhfeidhm.
12. Leabharlann Chontae an Chláir a sholáthar in Inis agus Plean Forbartha na leabharlainne 5 bhliana a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm (2016-2022).
13. Oibriú chun deimhniúchán Chlár Caighdeáin na hÉireann (MSPO) a Choinneáil bronnta don mhúsaem in 2018.
14. Straitéis choimirce agus forbartha ar staidéir áitiúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.


Forbairt Tuaithe



Forbairt Tuaithe ar Bhearta Tosaíochta:

- 1.** Pleananna forbartha foirne bliantúla a fhorbairt a mhionshonraíonn tascanna agus gníomhartha sonracha le bheith seachadta laistigh aidhmeanna na mBuiséad bliantúla.
- 2.** Fóram Forbartha Tuaithe an Chláir a choinneáil chun treorú a thabhairt ar an bpróiseas chur i bhfeidhm, monatóireachta agus measúnaithe do Straitéis Forbartha Tuaithe an Chláir.
- 3.** An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) a bhainistiú i gcur i bhfeidhm an Chláir Ionchuimsithe Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP), an Clár Feabhsaithe Pobail, Maoiniú Bhothán na bhFear agus Maoiniú ar Éire na Sláinte.
- 4.** Treorú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm, monatóireacht agus measúnú an Phlean Eacnamaíoch Áitiúla agus Pobail (LCDC agus SPC Eacnamaíoch)
- 5.** Cur i bhfeidhm an Phlean Straitéise Chláir Sláintiúla 2019-2021 a bhainistiú trí Ghrúpa Oibre Chláir Sláintiúil.
- 6.** Pobail Aoisbháúil a Fhorbairt trí sheachadadh na Straitéise Cláir Aoisbháúla 2018-2022.
- 7.** Scéimeanna na Roinne a Bhainistiú (CLAR, Athshlánú Baile agus Sráidbhaile, Scéim Infreastruchtúir Sosa Allamuigh, Ciste Athshlánaithe agus Forbartha Tuaithe).
- 8.** Straitéis Dhigiteach an Chláir a chur i bhfeidhm.
- 9.** Feidhmiú céimneach a éascú do Phlean Leathanbhanda Náisiúnta an Rialtais i gContae an Chláir.
- 10.** Moil fiontair leathanbhanda ardluais a choinneáil, a chur chun cinn, agus leanúint á bhforbairt agus rochtain oscailte saor in aisce a thabhairt at Wi-Fi i spáis poiblí i gcúig bhaile timpeall na Tíre.
- 11.** An Straitéis Dhigiteach a chur i bhfeidhm - Comhairle Digiteach - réimsí gníomhaíochta a aithint i gcomhréir le riachtanais eagraíochta.
- 12.** Straitéis Turasóireachta comhaontaithe a chur i bhfeidhm roimh Q4 2019.
- 13.** Tacú le oibriúchán an Chomhchoiste Polasaithe.

Seirbhísí Airgeadais agus Tacaíochta



Maoiniú do Ghníomhartha Tosaíochta agus

Seirbhís Tacaíochta:

1. Pleananna forbartha foirne bliantúla a fhorbairt a mhionshonraíonn tascanna agus gníomhartha sonracha le bheith seachadta laistigh aidhmeanna na mBuiséad bliantúla.
2. Tacú le pleananna straitéiseacha agus oibriúcháin na Stiúrtóireachtaí Fisiceach, Sóisialta, Eacnamaíoch agus Tuaithe le tacaíocht Airgeadais, Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideach.
3. Tacú le críochnú cláir cothabhála pleanáilte chun tosaigh d'infreastruchtúr Tithíochta agus Bóithre araon chun deiseanna maoinithe a chothú.
4. Tacú le hOifig Bhainistíochta ar Thionscadal Caipitil i measúnú pleanála tionscadail agus meicníochtaí maoinithe (idirbheartaíocht le soláthraithe iasachta seachtracha agus deontais) chun infheistíocht chaipitil an phleain a thabhairt ar aghaidh.
5. Athbhreithniú iomlán ar aonaid maoiné Ráta Tráchtála ar fud na tíre roimh athchóiriú Chontae an Chláir sa treimhse 2020 go 2022.
6. Tacú leis an bhfoireann i bhfoghlaim, forbairt agus soghluaisteacht chun scileanna agus leas ár bhfórsa oibre a fhorbairt.
7. Córais follasacha éifeachtach a thabhairt i gcomhair Saoirse Faisnéise (FOI), Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), Nochtuithe Cosanta, Bainistíocht ar Thaifid agus Gearáin na gCustaiméirí.
8. Seachadadh a chomhordú ar thosaíochtaí Athbhreithnithe Gnó comhaontaithe chun próisis bainistíochta ar thaifid agus Catalóige Seirbhíse a chur leis agus cultúr athbhreithnithe leanúnaigh agus forbartha gnó a leabú ann.
9. Féachaint ar dheiseanna chun gníomhaíochtaí a chomhdhlúthú agus próisis is nósanna imeachta feabhsaithe, chun costais a laghdú agus éifeachtachtaí a sheachadadh.
10. Cumarsáid a fheabhsú le foireann, Baill tofa agus an pobal. Ceisteanna ó na meáin a chomhordú agus feabhas a chur ar chumarsáidí inmheánach agus seachtrach araon.
11. Cultúr feabhsaithe leanúnaigh do Shláinte agus Sábháilteacht a leabú in eagraíocht.
